Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

12888/22

LIMITE

DENLEG 74
AGRILEG 135
SAN 533
CONSOM 235
RECH 510
MI 688
FOOD 59

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar triúr ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar triúr ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia[1], agus go háirithe Airteagal 25(1) de,

Ag féachaint do na hainmniúcháin a chuir an Bhulgáir, an tSeicia agus Éire faoi bhráid na Comhairle,

[1] IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas, ardcháilíocht eolaíoch, trédhearcacht agus éifeachtúlacht an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('EFSA') a áirithiú. Ina theannta sin, tá sé fíor-riachtanach comhar EFSA leis na Ballstáit a áirithiú.

(2) Tá sé de cheangal le hAirteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 go n-ainmneoidh gach Ballstát comhalta agus comhalta malartach mar a ionadaithe ar Bhord Bainistíochta EFSA. Ceapann an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna n-ainmniú mar sin go ceann tréimhse 4 bliana, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan, agus beidh ceart vótála acu.

(3) Cheap an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh uaidh an 7 Aibreán 2022[1], ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

(4) An 1 Bealtaine 2022, fuair Georgi GEORGIEV, an comhalta don Bhulgáir, bás.

(5) Le litir dár dáta an 23 Lúnasa 2022, thíolaic Patricia REILLY, an comhalta malartach d'Éirinn, go raibh sí ag éirí as oifig.

(6) Le litir dár dáta an 15 Meán Fómhair 2022, thíolaic Jitka GÖTZOVÁ, an comhalta malartach don tSeicia, go raibh sí ag éirí as oifig.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C 159, 12.4.2022, lch. 6).

(7) Dá bhrí sin, ba cheart triúr ionadaithe nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaithe faoi seach.

(8) Tá taithí agus saineolas forleathan ag na hionadaithe arna n-ainmniú ag an mBulgáir, an tSeicia agus Éire i réimse dhlí agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus i réimsí ábhar bainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dlí chomh maith. Dá bhrí sin, lena gceapacháin, baintear amach i mBord Bainistíochta EFSA na caighdeáin is airde inniúlachta agus an raon is leithne taithí ábhartha atá ar fáil,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Ceaptar leis seo an duine seo a leanas mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2026:

– Koycho KOEV (An Bhulgáir).

*Airteagal 2*

Ceaptar leis seo na daoine seo a leanas mar chomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia go dtí an 30 Meitheamh 2026:

– Martin ŠTĚPÁNEK (An tSeicia),

– Geraldine Duffy (Éire).

PUBLIC

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC